# Ceacht 7



## An ceangal a fheiceáil idir frithghníomh mothúchánach i leith fógra agus gníomh

| | |
|---|---|
| **Cuspóir Foghlama** | Ba chóir go mbeadh na leanaí in ann an ceangal a fheiceáil idir frithghníomh mothúchánach i leith fógra agus gníomh. |
| **Toradh Foghlama** | Cur síos a dhéanamh ar conas a bhíonn fógraí tarraingteach ó thaobh samhlaíocht leanaí de agus conas a spreagann siad mothúcháin ionainn ionas go smaoineoimid rud éigin nó go ndéanfaimid rud éigin. |
| **Nótaí an Mhúinteora** | Cruthaítear fógraíocht chun mothúcháin a spreagadh. Roghnaítear go cúramach gach rud a fheicimid sna fógraí mórthipmeall orainn ionas go mbeidh an táirge atá á dhíol níos mealltaí agus níos tarraingtí don lucht féachana. Is minic a mheasctar fantaisíocht agus an fíorshaol i bhfógraí. |
| **Acmhainní** | • An físeán *an Tionchar a Bhíonn ag na Meáin Chumarsáide Orainn*<br>• Scéal – Brionglóid Noah<br>• Gníomhaíocht 7.1<br>• Fógraíocht ó shuíomh gréasáin MediaWise |
| **Modheolaíocht** | • Caint agus plé – Fantaisíocht agus Fírinne; Saol na Samhlaíochta V An Fíorshaol<br>• Scileanna trí mheán an ábhair – An físeán *an Tionchar a Bhíonn ag na Meáin Chumarsáide Orainn*; Cá bhfuil an Mothúchán? |

# An tionchar a bhíonn ag na meáin chumarsáide orainn
# Ceacht 7



## Cur Chuige




**Físeán**

**Céim 1: An físeán *an Tionchar a Bhíonn ag na Meáin Chumarsáide Orainn***

- Abair leis an leanaí go bhfuil siad chun breathnú ar fhíseán gearr mar gheall ar an tionchar a bhíonn ag na meáin chumarsáide orainn.
- Seinm an físeán *an Tionchar a Bhíonn ag na Meáin Chumarsáide Orainn* atá ar shuíomh gréasáin MediaWise, www.MediaWise.ie
- Tar éis an fhíseáin, mínigh do na leanaí go bhfuil bealaí éagsúla ina ndéanann na meáin chumarsáide iarracht dul i bhfeidhm orainn.
- Fiafraigh de na leanaí an cuimhin leo aon bhealaí ina ndéanann na meáin iarracht tionchar a imirt ar na nithe a smaoinímid agus a dhéanaimid.
- Mínigh dóibh go bhfuil a lán bealaí éagsúla ina ndéanann na meáin iarracht tionchar a imirt orainn, mar shampla trí úsáid a bhaint as lógónna agus ainmneacha branda, as íomhánna – lena n-áirítear dathanna, teanga agus focail, carachtair agus ainmnithe, fuaim agus ceol, daoine cáiliúla, tairiscintí speisialta amhail bronntanais saor in aisce, lascainí, 'ceannaigh ceann amháin agus faigh ceann saor in aisce', tairgí ollmhóra, 50% sa bhreis nó síntiúis do scannáin, chun iarracht tionchar a imirt orainn ionas go gceannóimid táirge.
- Inis do na leanaí go gcloisimid augs go bhfeicimid faisnéis ó na meáin agus i bhfógraí gach lá.
- Cruthaítear na gnéithe sin go léir sa chaoi is go spreagfaidh siad raon mothúchán ionainn.

**Céim 2: Frighghníomhú d'Fhógraíocht**


- Fiafraigh de na leanaí an bhfuil a fhios acu cad is scéal fantaisíochta ann?
- Mínigh dóibh gurb é is fantaisíocht ann ná nithe a chruthaítear sa tsamhlaíocht, nach bhfuil ann go fírinneach san fhíorshaol.
- Mínigh dóibh gurb é is fírinne ann rud éigin atá ag tarlú san fhíorshaol.
- Abair leo go bhfuil tú chun scéal a insint dóibh ina bhfuil roinnt fantaisíochta agus roinnt de ghnéithe ón bhfíorshaol.

  **Brionglóid Lae Noah**

  Bhí Noah ag suí ar na mbus. Bhí sé ar a bhealach isteach sa chathair lena Mhamaí. Agus iad ag taisteal síos an bóthar, chuala Noah torann ollmhór. Bhí an spéir dorcha. Chonaic Noah róbat ollmhór os cionn an bhus. Caithfidh gurb é Dr Robotno, an t-aireagóir is fíochmhaire ar domhan, a chruthaigh an róbat seo. Leag an róbat crainn agus scrios sé carranna faoina chosa. Bheadh ar Noah rud éigin a dhéanamh. Bhí an róbat ollmhór ag teacht níos cóngaraí don bhus. Léim Noah suas óna shuíochán. Tharraing sé a ghunna léasair amach as a phóca agus rith sé amach an doras i dtreo an róbait. Díreach agus an róbat ar tí seasamh ar Noah, chonaic Noah sreang scaoilte ar chúl chloigeann an róbait. Dhírigh sé a ghunna léasair ar an tsreang scaoilte agus tharraingt sé an truicear. Go tobann stad an róbat. Ní raibh a fhios ag Noah cad a tharlódh ansin. Ansin phléasc an róbat. Léim gach duine den bhus chun a insint do Noah gur sárlaoch é. Thug Mamaí barróg mhór dó "Is tusa mo laoch le fada an lá, a Noah" arsa a Mhamaí.

- Fiafraigh de na leanaí cén chuid den scéal atá suite san fhíorshaol?
- Fiafraigh de na leanaí cén chuid den scéal atá suite san fhantaisíocht?
- An raibh aon chuid den scéal ar meascán é den fhíorshaol agus de shaol na fantaisíochta?
- Fiafraigh de na leanaí cad iad na mothúcháin a spreag an scéal iontu?
- Iarr orthu ar mhaith leo eachtra a bheith acu cosúil le heachtra Noah?

**Céim 3: Saol na Samhlaíochta V An Fíorshaol**




**Gníomhaíocht 7.1**

- Mínigh do na leanaí nuair a bhíonn na meáin ag díriú ar leanaí gur minic a úsáideann siad fantaisíocht.
- Cruthaíonn cuideachtaí fógraíochta fógraí a bhfuil scéalta fantaisíochta spreagúla ag baint leo ionas gur féidir leo táirge a dhíol. Ar an gcaoi sin bíonn cuma níos tarraingtí agus níos meálltaí ar an táirge.
- Fiafraigh de na leanaí an bhfaca siad aon fhógraí a bhí suite i gcríocha na samhlaíochta e.g. scéalta le draoithe, cailleacha, ollphéisteanna, prionsaí agus banphrionsaí, daoine le cumhachtaí draíochta?
- Fiafraigh de na leanaí an dóigh leo go mbeadh na fógraí sin níos spéisiula agus níos spreagúla dá mbeadh siad suite san fhíorshaol e.g. leanaí ag dul ar scoil, teaghlaigh ag siopadóireacht, daoine ar cuairt lena ngaolta agus lena gcairde.
- Ag úsáid Ghníomhaíocht 8.1 is féidir leis na leanaí cinneadh a dheanamh cibé acu an íomhánna ón tsamhlaíocht (saol na fantaisíochta) atá ann nó ón bhfíorshaol.
- Chomh luath agus a bheidh deireadh déanta ag na leanaí leis an ngníomhaíocht iarr orthu ar mhaith leo é a roinnt leis an rang agus an chúis lena roghanna a mhíniú.

# An tionchar a bhíonn ag na meáin chumarsáide orainn
# Ceacht 7



## Cur Chuige ar lean

**Céim 4: Cá bhfuil an Mothúchán?**

- Inis do na leanaí go dteastaíonn ó fhógróirí muid a spreagadh lena bhfógraí chun mothúcháin áirithe a mhothú augs tionchar a imirt orainn.
- Cuir i gcuimhne do na leanaí go bhfuil ceann de na ceithre sprioc seo a leanas ag an bhfógraíocht:
  - Rud a insint dúinn is gá dúinn a bheith ar eolas againn
  - A chur ina luí orainn táirge a cheannach
  - A chur ina luí orainn ár n-iompraíocht a athrú
  - Dearcadh a chur chun cinn.
- Inis do na leanaí go bhfuil siad chun gníomhaíocht a dhénamh mar rang iomlán agus go mbreathnóidh siad ar fhógraí ó shuíomh gréasáin MediaWise, www.MediaWise.ie
- Tar éis gach fógra fiafraigh de na leanaí cad iad na mothúcháin a spreag an fógra sin iontu?
- Fiafraigh de na leanaí cad é atá á chur ina luí ag na bhfógra sin orainn a smaoineamh nó a dhéanamh?
- Fiafraigh de na leanaí an mbraitheann siad nó an smaoiníonn siad rud áirithe díreach toisc gur inis an fógra dóibh déanamh amhlaidh?
- Fiafraigh de na leanaí ar spreag an mothúchán a mhothaigh siad iad chun rud éigin a smaoineamh nó a dhéanamh?
- Fiafraigh de na leanaí ar cuireadh ina luí orthu riamh rud a dhéanamh nó a smaoineamh mar gur spreag fógra iad chun é sin a dhéanamh?
- An raibh tionchar ag na mothúcháin orthu? Mínigh do na leanaí gur chóir dóibh a gcinntí féin a dhéanamh faoi cad a smaoiníonn nó a dhéanann siad, seachas toisc gur spreag fógra iad é a dheanamh.
- Mínigh do na leanaí go ndéanann an fhógraíocht iarracht a chur ina luí orainn rud éigin a dhéanamh trí mhothúcháin a spreagadh ionainn. Tá sé tábhachtach ár gcinntí féin a dhéanamh.

**Céim 5: Áitiú Mothúchánach**

- I mbeirteanna déanfaidh na leanaí gníomhaíocht drámaíochta agus iad ag iarraidh a chur ina luí ar a bpáirtí rud éigin a dhéanamh trí úsáid a bhaint as mothúcháin.
- Is gá dóibh tathant ar a bpáirtí, i ról an mhúinteora, gan aon obair bhaile a thabhairt dóibh ar chúiseanna a cheapfaidh siad. féin Mar shampla:
  - Nílim ar fónamh
  - Thit mé níos túisce
  - Cuireadh an clár teilifíse is ansa liom ar ceal
  - Tá mo rothar nua ar iarraidh
  - Tá mo bhróga nua rótheann
  - Níor chodail mé mórán aréir.
- Tar éis dóibh an ghníomhaíocht a chur i gcrích agus iad tar éis a chur ina luí ar an 'múinteoir' gan aon obair bhaile a thabhairt dóibh, is féidir leo aiseolas a thabhairt faoin bpróiseas iomlán.
- Cuir i gcuimhne do na leanaí go gcaitheann tionscal na fógraíochta a lán airgid ar fhógraí a chruthú a spreagfaidh raon mothúchán ionainn chun tionchar a imirt ar an gcaoi a smaoinímid agus ar na nithe a dhéanaimid.